# Curaclam na Bunscoile a Athbhreithniú agus a Athfhorbairt

## Seimineár do Pháirtithe Leasmhara 5: An Turas ar Aghaidh a Rianú

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Nollaig 2019

# An Clár Ábhar


Réamhrá 3

Plé 1 6

Impleachtaí do churaclam athfhorbartha bunscoile 6

Ceachtanna le haghaidh na luathbhlianta agus le haghaidh blianta sinsearacha na bunscoile 9

Plé 2 10

Bogadh ó churaclam comhtháite chuig ábhair 10

Plé 3 12

Príomhtheachtaireachtaí maidir le measúnú don churaclam 12

# Réamhrá

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar churaclam na bunscoile. Táimid ag obair le múinteoirí agus cleachtóirí luathoideachais, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí, comhlachtaí bainistíochta, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile chun curaclam ardcháilíochta a fhorbairt idir seo agus deich nó cúig bliana déag. Caithfimid a chinntiú gur féidir le curaclam bunscoile na todhchaí taithí ábhartha agus mealltach a sholáthar do pháistí a chuireann lena n-óige agus lena mblianta níos deireanaí mar dhaoine fásta. Agus tosca comhthéacsúla á gcur san áireamh, baineann an obair le breith a thabhairt ar chuspóir, struchtúr agus ábhar churaclam na bunscoile athfhorbartha. Tá trí shnáithe chomhlántacha ag baint leis an obair seo: 1) Oibriú le scoileanna, (2) Taighde agus (3) Seimineáir le páirtithe leasmhara (féach Fíor 1). Cuireann gach snáithe leis na cinn eile agus cuidíonn sé le cruth a chur orthu agus mar a chéile, bíonn gach snáithe mar bhuntaca ag na cinn eile.

**Fíor 1: Trí shnáithe d'athbhreithniú agus athfhorbairt curaclaim**





In obair CNCM, tarraingítear go mór as taighde, agus dá bhrí sin scríobh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta sraith páipéar taighde gearr maidir le príomhghnéithe de churaclam bunscoile athfhorbartha. Tacaítear sna páipéir thaighde le rannpháirtíocht in athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile. Is féidir teacht ar na páipéir thaighde i rannóg bunscoile shuíomh gréasáin CNCM ag www.ncca.ie. Táimid ag obair freisin le bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus réamhscoileanna ar fud na tíre. Le chéile, léiríonn siad seo an éagsúlacht shaibhir comhthéacsanna scoile agus tá siad i bhFóram na Scoileanna.

Reáchtáil CNCM cúig sheimineár idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. Rinneadh freastal ar an seimineár trí chuireadh chuig comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne (féach Aguisín 1) agus bhí go leor de na múinteoirí, ceannairí scoile agus cleachtóirí luathbhlianta a d'fhreastail orthu ina mbaill d'Fhóram na Scoileanna (féach Fíor 2). Tugadh deiseanna sna seimineáir chun breith a dhéanamh ar na príomhphointí a bhí ag teacht ó na páipéir thaighde, agus chun plé agus cíoradh a dhéanamh ar na pointí seo ó dhearcthaí difriúla. Áiríodh i ngach seimineár cur i láthair ó spreagchainteoir (féach Aguisín 2) ag díriú ar ghnéithe tábhachtacha de churaclam na bunscoile. Bhí na cúig sheimineár leagtha amach mar seo a leanas:

- Seimineár 1: Cuspóir an Churaclaim
- Seimineár 2: Sineirgí Cumhachtacha
- Seimineár 3: Léargais Nua
- Seimineár 4: Turais Foghlama a Bhreisiú
- Seimineár 5: An Turas ar Aghaidh a Rianú.

**Fíor 2: Páirtithe leasmhara a ghlac páirt sna seimineáir churaclaim**



# Curaclam na Bunscoile – Seimineár 5

Reáchtáladh Seimineár 5 'An Turas ar Aghaidh a Rianú' ar an 31 Eanáir 2019. Thug Sharon O'Donnell, Speisialtóir Eolais agus Oideachais an chéad chur i láthair spreagaithisc ag an seimineár. Féachadh ina cur i láthair spreagaithisc ar ábhar, leithead, doimhneacht agus eagrú na gcuraclam luathbhlianta agus bunscoile in ocht ndlínse éagsúla. Rinneadh plé tar éis an chuir i láthair spreagaithisc seo ar an gcaoi a bhféadfadh torthaí an iniúchta a bheith mar bhuntaca ag an athbhreithniú ar churaclam na bunscoile. Ina dhiaidh seo agus bunaithe ar an bplé seo, ghlac rannpháirtithe páirt sa dara plé ar an dul chun cinn ó shamhail churaclaim chomhtháite chuig ábhair. Thug an tOllamh Michael O'Leary agus an Dr Zita Lysaght, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an dara cur i láthair spreagaithisc ag an seimineár. Fiosraíodh ina gcur i láthair spreagaithisc ar mheasúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus forfheidhmiú curaclaim. Rinneadh plé ar an gcur i láthair maidir le measúnú i gcuraclam bunscoile athfhorbartha ansin.

Deis a bhí sa phlé seimineáir do rannpháirtithe freagairt do na smaointe sna cuir i láthair agus iad a phlé. Bunaíodh iad timpeall ar shraith treoir-cheisteanna (féach Aguisín 2) agus rannpháirtithe ina suí ag boird chiorclacha chun plé agus díospóireacht a éascú. Cé go raibh pointí ann ar aontaigh na rannpháirtithe orthu, bhí roinnt easaontais ann freisin. Níorbh é an aidhm a bhí leis an bplé teacht ar chomhréiteach, ach cead a thabhairt do gach duine a chuid a rá agus cuimhneamh ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara eile a bhí rannpháirteach.

Seo a leanas léargas gairid ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn i rith na bpléití agus tá athfhriotail dhíreacha ó rannpháirtithe le feiceáil i gcló iodálach.

# Plé 1

Díríodh sa chéad phlé ar churaclaim luathbhlianta agus bhunscoile i ndlínsí eile agus ceachtanna do chomhthéacs na hÉireann. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén chaoi an féidir, más féidir, na torthaí a cuireadh i láthair san iniúchadh a bheith mar bhuntaca le hathbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile:
   - Aidhmeanna agus cuspóirí?
   - Comhleanúnachas agus leanúnachas in ábhar?
   - Ró-ualach?
2. Cén rud ba spéisiúla maidir le struchtúr agus eagrú ábhar an churaclaim do
   a) luathbhlianta na bunscoile?
   b) bhlianta eile na bunscoile?

Tháinig dhá théama chun cinn ó na pléití seo:

- Impleachtaí do churaclam athfhorbartha bunscoile
  - Aidhmeanna agus cuspóirí
  - Comhleanúnachas agus leanúnachas
  - Rólódáil
- Ceachtanna le haghaidh na luathbhlianta agus blianta sinsearacha na bunscoile.

## Impleachtaí do churaclam athfhorbartha bunscoile

### Aidhmeanna agus cuspóirí

Agus béim á leagan ar an tábhacht a bhaineann le haidhmeanna agus luachanna soiléire, thug rannpháirtithe faoi deara na cosúlachtaí suntasacha i bprionsabail sna hocht ndlínse. Áiríodh le rudaí a bhí comónta idir na dlínsí leas an phobail a chur chun cinn, béim ar an bhfoghlaimeoir gníomhach, féintreoraithe, ar ilchosáin tríd an gcuraclam, agus tacaíocht d'aistrithe. D'aithin roinnt daoine an

deacracht a bhain le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear gach ceann de na curaclaim seo i bhfeidhm agus measadh gur gá go gcuirfí chun cinn i gcuraclam athfhorbartha fís a bheadh Éireannach go sainiúil agus ina mbeadh tosca agus luachanna comhthéacsúla.

I gcás roinnt daoine, tá aidhmeanna, luachanna agus prionsabail churaclam 1999 fós bailí, mar sin is í an cheist thábhachtach cén chaoi iad a chur i láthair (arís) i gcuraclam athfhorbartha. Ardaíonn sé seo ceist bhreise maidir le próiseas athfhorbartha CNCM: a mhéid is a bhaineann sé le hathsmaoineamh nó athchur i láthair a dhéanamh ar churaclam na bunscoile.

Léiríodh tacaíocht don tuairim gur cheart prionsabail Aistear a choinneáil, agus gur cheart go dtrasnódh folláine agus scileanna pearsanta/sóisialta gach réimse. Anuas air sin, ní ábhar dromchla amháin atá sa chaoi a gcuirtear aidhmeanna an churaclaim i láthair; tá impleachtaí aige don inrochtaineacht agus inúsáidteacht.

Mhaígh roinnt daoine nár forbraíodh an smaoineamh den pháiste mar fhoghlaimeoir agus mar shaoránach, agus aitheantas ar rannpháirtíocht an pháiste san fhoghlaim go hiomlán i gcuraclam 1999. *Tá an páiste ar thuras agus tá an múinteoir ag dul i ngleic leis an bpróiseas. Agus is próiseas atá ann go fóill, fiú tar éis an curaclam a fhoilsiú.* I Singeapór, mar shampla, tugann an cur i láthair de thorthaí inmhianaithe fís shimplí ach bhríoch do pháistí ar an turas sin.

## Comhleanúnachas agus leanúnachas

Bhí ábhar machnaimh ann féachaint ar na dlínsí ina bhfuil curaclam aonair ag cuimsiú dhá earnáil nó níos mó i gcomhair nascachta agus leanúnachais. Thaitin samhail na Nua-Shéalainne go háirithe le roinnt rannpháirtithe áit a raibh na haidhmeanna cosúil nó scafláilte thar na n-aoisghrúpaí.

Beidh gá i gcuraclam bunscoile athfhorbartha impleachtaí na mblianta réamhscoile a aithint, le tógáil orthu agus leanúnachas a chinntiú. Faoi láthair, tosaíonn roinnt páistí ar scoil an-óg agus ní bhaineann líon beag aon leas as an gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), agus dá bharr sin bhí raon aoise trí bliana sna ranganna naíonáin (agus ina dhiaidh sin). Chun leanúnachas bríoch a chur chun cinn ba cheart aois iontrála oifigiúil na scoile a ardú go 5.

Mheas roinnt daoine go raibh ciall le hoideachas luathbhlianta a nascadh go sonrach leis an gcéad dá bhliain den bhunscoil. Ach, dúradh gur cheart a bheith cúramach glacadh leis go bhfuil *Aistear* leabaithe i mbunscoileanna agus go bhfuil dea-chleachtas bunaithe go náisiúnta.

Teastaíonn ailíniú níos mó i dtaithí páistí sna hearnálacha chun éagsúlacht in ábhar curaclaim a laghdú. Tá athchóirithe sa tsraith shóisearach ag cabhrú le dul i ngleic leis seo; mar shampla, *cumasaíonn an*

*Measúnú Rangbhunaithe sa tsraith shóisearach foghlaim neamhspleách agus comhráití maidir le foghlaim.*

Teastaíonn go leor aird ó aistrithe ón luathóige chuig an mbunscoil agus ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil, mar go bhféadann sé a bheith an-dúshlánach nuair a bhogann páistí ó chóras comhtháite iomlánaíoch chuig córas rannach. Tá dialóg idir múinteoirí ón mbunscoil agus an iar-bhunscoil ríthábhachtach. Thagair rannpháirtí amháin don Chiste Sármhaitheas Scoile a chuireann ar chumas braislí scoileanna oibriú le chéile ar bhonn trasearnála.

## Rólódáil

Bhí comhaontú ginearálta gur fadhb shuntasach atá sa ró-ualú sa chóras faoi láthair, agus nár baineadh amach rún comhtháite churaclam 1999 riamh. Chabhródh béim níos mó ar an gcomhtháthú chun ró-ualú a mhaolú, agus chabhródh foghlaim ildisciplíneach freisin. Measadh go raibh an cleachtas atá san Fhionlainn ina dtugann scoileanna faoi mhodúl foghlama ildisciplíneach amháin gach bliain indéanta agus fiúntach do mhúinteoirí in Éirinn. Leagadh síos teagasc téamach le prionsabail uileghabhálacha ar fud an churaclaim freisin.

Luaigh roinnt rannpháirtithe an gá go bhfaighfí cothromaíocht sa chóras idir saintreoir láraithe agus neamhspleáchas múinteora. *Má théimid níos mó i dtreo neamhspleáchas an mhúinteora, teastóidh go leor ama agus athrú sa mheon. Tá teannas mór ann chun cinneadh a dhéanamh cé mhéad atá láraithe agus cé mhéad a fhágtar go háitiúil.* Ach, má laghdaítear ábhar d'fhéadfaí bogadh ó ró-ualú curaclaim chuig ró-ualú an mhúinteora, mar go n-iarrfar ar mhúinteoirí a bheith ina bhforbróirí curaclaim.

Déantar iarracht ró-ualú a laghdú trí thuilleadh acmhainní agus eiseamláirí a sholáthar do scoileanna. Ach, má bhí ró-ualú ábhar tacaíochta ann, d'fhéadfadh múinteoirí a bheith ag streachailt agus iad *ag cuardach freagraí*. Chun ró-ualú acmhainní a sheachaint (mar a tuairiscíodh in Albain) beidh ar CNCM agus SFGM tacaíochtaí úsáideacha a sholáthar atá bríoch do mhúinteoirí.

Tá an chontúirt ann go dtachtfar an curaclam le tionscnaimh bhreise. Is féidir le tionchair agus tionscnaimh sheachtracha – Féinmheastóireacht Scoile, Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, cur chun cinn sláinte – cur isteach ar mhisean lárnach scoileanna maidir leis an gcuraclam a fhorfheidhmiú. *Teastaíonn am uainn chun an curaclam a leabú agus chun am a bheith againn seo a dhéanamh, caithfimid ró-ualú tionscnaimh a laghdú. Má athfhorbraímid an curaclam, beidh am ag teastáil chun an t-athrú a leabú.*

## Ceachtanna le haghaidh na luathbhlianta agus le haghaidh blianta sinsearacha na bunscoile

Úsáidtear struchtúr comónta i roinnt dlínsí chun torthaí foghlama a chur i láthair, le hábhair thacaíochta a ghabhann leo, ar fud na n-earnálacha oideachais. Chonacthas gur thug sé seo leanúnachas agus comhsheasmhacht riachtanach do phróiseas dúshlánach. Chonacthas go raibh cur chuige ildisciplíneach (An Fhionlainn) luachmhar dóibh siúd a bhraith gur cheart go gceadódh curaclam athfhorbartha don obair thrasdisciplíneach.

Maidir le coincheapa trasghearrthacha, mholl roinnt rannpháirtithe gur cheart go leagfaí béim i gcuraclam nua ar inniúlachtaí, ina léireofaí an bunú foghlama téamach ó *Aistear* agus a nascfadh leis an gcreat príomhscileanna ón tsraith shóisearach. Chabhródh sé seo chun ailíniú soiléir a chinntiú idir an curaclam bunscoile agus iar-bhunscoile, ag éascú aistrithe níos tacúla ar fud na n-earnálacha. Chabhródh téarmaíocht chomhsheasmhach – colúin eagraíochtúla, fearainn fhoghlama, torthaí inmhianaithe, inniúlachtaí trasnaí – leis an leanúnachas seo a bhaint amach.

Ar deireadh, thug rannpháirtithe faoi deara go raibh sraitheanna casta ag roinnt de na curaclaim san athbhreithniú agus bhraith siad gur fearr é seo a sheachaint. Cás a bhaineann le hábhar is ea curaclam teanga na bunscoile, a braitheadh, agus ní raibh a fhios ag roinnt múinteoirí céard ba chóir a dhéanamh mar gheall ar an easpa forbartha gairmiúla leanúnaí agus teachtaireachtaí measctha maidir leis an gcuraclam nua.

# Plé 2


Díríodh sa dara plé ar an dul chun cinn ó shamhail churaclaim chomhtháite chuig ábhair i gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Déantar achoimre i dTábla 3 (féach Aguisín 4) san iniúchadh ar na réimsí curaclaim agus na hábhair a shonraítear sna hocht ndlínse. Léirigh na torthaí ó chomhairliúchán CNCM maidir le struchtúr agus am an churaclaim ...*tacaíocht leathan do churaclam comhtháite do pháistí i luathbhlianta na bunscoile agus an tábhacht a bhaineann le hábhair a choinneáil, ar a laghad sna blianta deiridh* (CNCM, 2018, lch 75). Bunaithe air seo, céard a shainaithneofá mar eagraithe curaclaim ardleibhéil (téamaí/réimsí curaclaim/ábhair) do

    a) luathbhlianta na bunscoile?

    b) bhlianta eile na bunscoile?


2. Cén pointe i rith thaithí na bunscoile go bhfeiceann tú an dul chun cinn nádúrtha ó churaclam comhtháite chuig ábhair? Cén fáth a dtarlaíonn sé ag an bpointe sin?




## Bogadh ó churaclam comhtháite chuig ábhair

Tá comhsheasmhacht sa téarmaíocht maidir le téarmaí nó réimsí foghlama tábhachtach, agus tá ráiteas uaillmhianta uileghabhálacha ríthábhachtach. Bheadh teagasc, foghlaim agus measúnú le creat orthu trí théamaí *Aistear* ina phointe tosaigh maith le haghaidh luathbhlianta na bunscoile. D'fhéadfaí iad seo a áireamh le heagraithe ardleibhéil do luathbhlianta na bunscoile: Teanga: Cruthaitheacht –

mar chuid dár gcruthaitheacht agus léiriú; Ár nDomhan – claonadh timpeallachta leis an tsaoránacht; Sláinte agus Folláine. Léiríodh téama an Aitheantais agus an Mhuintearais mar thuiscint ar do nádúr féin a fhorbairt. Bhraith roinnt daoine gur cheart go mbeadh Folláine ag croílár an churaclaim thar gach céim. Thaitin an tsamhail le go leor daoine mar gheall ar a dearcadh cuimsitheach páiste-láraithe, agus réimsí foghlama deighilte mar ábhair agus an páiste ag dul chun cinn tríd an scoil.




Bhí go leor tuairimí dírithe ar an idirghníomhaíocht idir eagraithe ardleibhéil agus oideolaíocht: d'fhéadfadh ábhair, ach gan iad a mhúineadh ar bhealach scoite, cur chuige ildisciplíneach a chur chun cinn faoi threoir dearcadh téamach nó inniúlachtaí a chur chun cinn. Moladh réimsí foghlama le príomhthorthaí foghlama mar shamhail fhéideartha, agus ábhair á dtabhairt isteach do ranganna a cúig agus a sé. D'fhéadfaí a áireamh ar theidil ábhair nua 'Staidéar Domhanda' (stair, tíreolaíocht, polaitíocht) agus féachaint ar choimhlintí a bheith san áireamh. Bhí claonadh i dtreo ábhair a choinneáil mar eagraithe curaclaim ag deireadh na bunscoile chun páistí a ullmhú do thaithí na hiar-bhunscoile. *Chomh fada is atá an tsraith shóisearach agus shinsearach ábhar-treoraithe, caithfear díriú san ullmhúchán (don iar-bhunscoil) ag deireadh na bunscoile ar réimsí ábhair.*

Luadh freisin an smaoineamh go mbeadh trí chéim éagsúla ann, agus *Aistear* á thabhairt isteach sna ranganna naíonáin agus trí bliana den fhoghlaim bunaithe ar spraoi a bheith ann. Moladh cur chuige téamach go dtí rang a dó agus, ina dhiaidh sin, bogadh chuig ábhair shonracha. Luadh roinnt imní go bhféadfaí na hábhair a 'thanú' mar thoradh ar bhogadh i dtreo téamaí nó réimsí foghlama. Bhí comhaontú leathan go bhféadfaí ábhair a thabhairt isteach ag leibhéal rang a ceathair nó a cúig, ach gan an comhtháthú a bheith thíos leis. Mhol roinnt daoine go bhfuil disciplíní cosúil leis an matamaitic a dteastaíonn am agus treoir ina leith: *ní féidir leat gach ábhar a chomhtháthú go héasca agus b'fhéidir gur gá tuiscint a bheith ar ábhair cosúil leis an matamaitic a thuiscint mar fhearainn ar leith.* Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh drochthionchar a bheith i gceist le hathrú ó eagraí curaclaim amháin go ceann eile i lár na bunscoile ar mhúinteoirí i dtéarmaí a gcuid muiníne bogadh ó ranganna sóisearacha go ranganna sinsearacha.

Tugtar am agus spás do scoileanna a dtuiscint ar stíl, ábhar agus rún an churaclaim a fhorbairt sa tabhairt isteach céimnithe atá á dhéanamh ar an gcuraclam nua sa Bhreatain Bheag – atá ar fáil do scoileanna in 2020, ach nach gá a fhorfheidhmiú go dtí 2022. Tá obair CNCM le Fóram na Scoileanna tábhachtach, ionas go mbeidh a bhfoghlaim mar bhuntaca leis an gcreat nua.

# Plé 3

Díríodh sa tríú plé ar mheasúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus forfheidhmiú curaclaim. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Céard iad na teachtaireachtaí suntasacha, duitse, sa pháipéar le haghaidh curaclam bunscoile athfhorbartha?
2. Léirítear sa pháipéar gur gné ríthábhachtach den oideolaíocht éifeachtach é an measúnú. Má táimid chun an mhíthuiscint gur aonáin ar leith iad an measúnú agus an oideolaíocht a sheachaint, cén chaoi ar cheart an measúnú a chur i láthair i gcuraclam bunscoile athfhorbartha?
3. Cé na prionsabail den mheasúnú ba cheart a chur chun cinn le tacú le curaclam bunaithe ar thorthaí foghlama ag leibhéal bunscoile?

I rith an phlé, chuaigh rannpháirtithe i ngleic leis na trí cheist a cuireadh ar bhealach ceangailte.

Tugtar achoimre sa chuid thíos ar na príomhtheachtaireachtaí a tháinig ón bplé.

## Príomhtheachtaireachtaí maidir le measúnú don churaclam

Príomhtheachtaireacht do rannpháirtithe ab ea nach ionann an measúnú agus meastóireacht. Cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama is ea an measúnú; ba cheart go mbeadh an foghlaimeoir i lár ár dtuisceana ar an measúnú.

Fáiltíodh roimh an tuiscint trípháirteach maidir le MFT (Measúnú, Foghlaim agus Teagasc) sa pháipéar mar rud atá ríthábhachtach don teagasc agus foghlaim, agus fáiltíodh roimh phrionsabail an mheasúnaithe. Chonacthas gur léirigh measúnú mar fhoghlaim seachas measúnú don fhoghlaim nó

den fhoghlaim athrú beag ach athrú suntasach i dtuiscint an mhúinteora. *Níor cheart gurb é an 'gnáthrud' an chosaint do pháipéar*, caithfear béim níos mó a leagan ar mheasúnuithe orgánacha. Bíodh muinín as múinteoirí chun measúnú orgánach a úsáid agus a mbreithnithe gairmiúla a úsáid le bheith mar bhuntaca leis an bhfoghlaim. *Caithfimid a dhearbhú go bhfuil múinteoirí seasta ag measúnú agus is gá an measúnú orgánach a aithint.* Anuas air sin, caithfidh baint níos lárnaí a bheith ag páistí leis an bpróiseas measúnaithe.

Is gá go mbeadh measúnú lárnach sa churaclam nua, ailínithe leis na torthaí foghlama ón tús, agus gan é a chur i láthair mar rud breise. Ach, tá an tsraith modhanna measúnaithe atá leagtha amach sna Treoirlínte Measúnaithe (CNCM, 2007) fós bailí, agus tá muinín faighte ag múinteoirí de bharr na húsáide a bhaineann siad as modhanna éagsúla (punanna oibre srl.).

D'aithin roinnt rannpháirtithe an leanúnachas dul chun cinn mar threoirlínte measúnaithe agus bhreathnaigh siad orthu mar tháscairí den rud go díreach is gá dóibh, mar mhúinteoirí, a dhéanamh. Níor bhreathnaigh daoine eile orthu mar sin.

Cuireadh mothúcháin láidre in iúl i gcoinne a bheith ag brath rómhór mar seo ar thrialacha caighdeánaithe sa mhéid is go meastar go bhfuil na trialacha seo cuspóireach agus fianaiseach fad is atá foirmeacha eile measúnaithe – ina n-éilítear ar mhúinteoirí breithnithe agus lánrogha a úsáid – íosghrádaithe. *Ní thomhaiseann trialacha caighdeánaithe gach rud* agus is gá é sin a lua go soiléir. Luadh freisin go bhféadfadh Cártaí Tuairisce CNCM an iomarca tábhachta a leagan ar thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe agus nach é sin a bhíonn i gceist leo. Is féidir a rá go dtacaíonn an tsamhail leithdháilte riachtanais speisialta oideachais nua leis an dearcadh sin.

Aithníodh an dúshlán a bhain le cur chuige traschuraclaim nó bunaithe ar inniúlachtaí i leith an mheasúnaithe. B'fhéidir go mbeadh easpa sonraí mar thoradh air i gcomhthéacs ina bhfuil cinnteoireacht bunaithe ar shonraí tábhachtacha (do NEPS, mar shampla).

Arís, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le cuir chuigí nua a thriail agus a thástáil le múinteoirí, sula gcuirtear i bhfeidhm go foirmiúil iad.

# Conclúid

Tugadh deis i Seimineár 5 do rannpháirtithe breith a thabhairt ar na ceachtanna do chomhthéacs na hÉireann maidir le struchtúr agus ábhar na gcuraclam éagsúla idirnáisiúnta. Thug an t-iniúchadh idirnáisiúnta dearcadh do rannpháirtithe chun breith a thabhairt ar cheisteanna maidir le

haidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim bunscoile, comhleanúnachas agus leanúnachas trí na céimeanna agus ró-ualú curaclaim. Bhreithnigh na rannpháirtithe freisin cén uair is fearr bogadh ó chuir chuigí níos comhtháite i mblianta sóisearacha na bunscoile chuig cuir chuigí bunaithe ar ábhar i mblianta sinsearacha bunaithe ar chomhthéacsanna idirnáisiúnta.

Ghlac rannpháirtithe páirt freisin i bplé domhain ar ról an mheasúnaithe i gcuraclam na bunscoile. Luaigh rannpháirtithe arís go láidir ceann de phríomhtheachtaireachtaí an pháipéir thaighde; go bhfuil measúnú ina chuid lárnach den teagasc agus foghlaim agus an foghlaimeoir ina lár. Ardaíodh an pointe go mbítear ag brath rómhór ar thrialacha caighdeánaithe agus an tuiscint reatha ar an measúnú laistigh den chóras mar imní shuntasach ar gá dul i ngleic leis i bpróiseas na hathfhorbartha.

# Aguisín 1: Eagraíochtaí Páirtithe Leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh chuig an Seimineár

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Foras Pátrúnachta

Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn

Association of Childcare Professionals

Cumann Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann

Autism Ireland

Barnardos Éireann

Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha

Lárionad Ceannaireachta Scoile

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Tionscadal DICE

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Luath-Óige Éireann

An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta

An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Ag Foghlaim le Chéile

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Comhlacht Oideachais na hÉireann

An Foras Taighde ar Oideachas

Foras na Gaeilge

Coláiste Hibernia

Rannóg Sláinte agus Folláine FSS

Ionchuimsiú Éireann

Cumann Múinteoirí Éireann

Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann

Ionaid Tacaíochta Oideachais Éireann

Lifeways Ireland Ltd

Institiúid Oideachais Marino

Coláiste Mhuire Gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Migrants Rights Council Ireland

Gréasán Náisiúnta Óige

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

An tOmbudsman do Leanaí

PLÉ

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Royal Society of Chemistry

Safefood

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Gréasán OSPS

Aontas Múinteoirí Éireann

An Chomhairle Mhúinteoireachta

The Ark

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath


# Aguisín 2: Ceisteanna i gcomhair Plé

## Plé a hAon

1. Cén chaoi an féidir, más féidir, na torthaí a cuireadh i láthair san iniúchadh a bheith mar bhuntaca le hathbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile:
    - Aidhmeanna agus cuspóirí?
    - Comhleanúnachas agus leanúnachas in ábhar?
    - Ró-ualach?
2. Cén rud ba spéisiúla maidir le struchtúr agus eagrú ábhar an churaclaim do
    a) luathbhlianta na bunscoile?
    b) bhlianta eile na bunscoile?

## Plé a Dó

1. Déantar achoimre i dTábla 3 (féach Aguisín 4) san iniúchadh ar na réimsí curaclaim agus na hábhair a shonraítear sna hocht ndlínse. Léirigh na torthaí ó chomhairliúchán CNCM maidir le struchtúr agus am an churaclaim ...tacaíocht leathan do churaclam comhtháite do pháistí i luathbhlianta na bunscoile agus an tábhacht a bhaineann le hábhair a choinneáil, ar a laghad sna blianta deiridh (CNCM, 2018, lch 75). Bunaithe air seo, céard a shainaithneofá mar eagraithe curaclaim ardleibhéil (téamaí/réimsí curaclaim/ábhair) do
    a) luathbhlianta na bunscoile?
    b) bhlianta eile na bunscoile?
2. Cén pointe i rith thaithí na bunscoile go bhfeiceann tú an dul chun cinn nádúrtha ó churaclam comhtháite chuig ábhair? Cén fáth a dtarlaíonn sé ag an bpointe sin?




## Plé a Trí

1. Céard iad na teachtaireachtaí suntasacha, duitse, sa pháipéar le haghaidh curaclam bunscoile athfhorbartha?
2. Léirítear sa pháipéar gur gné ríthábhachtach den oideolaíocht éifeachtach é an measúnú. Má táimid chun an mhíthuiscint gur aonáin ar leith iad an measúnú agus an oideolaíocht a sheachaint, cén chaoi ar cheart an measúnú a chur i láthair i gcuraclam bunscoile athfhorbartha?
3. Cé na prionsabail den mheasúnú ba cheart a chur chun cinn le tacú le curaclam bunaithe ar thorthaí foghlama ag leibhéal bunscoile?

# Aguisín 3: Seimineáir agus Cuir i láthair Spreagaithisc

| **Seimineáir** | **Cuir i láthair Spreagaithisc** |
|---|---|
| Seimineár 1:<br>***Cuspóir an Churaclaim*** | ▪ An Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad – Athbhreithniú ar an Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile (1999)<br>▪ An Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Tosaíochtaí agus luachanna na sochaí |
| Seimineár 2:<br>***Sineirgí Cumhachtacha*** | ▪ An tOllamh Louis Volante, Ollscoil Brock – Oideolaíocht agus Meiti-chleachtais<br>▪ An Dr Karin Bacon, Institiúid Oideachais Marino – Comhtháthú Curaclaim<br>▪ An tOllamh Emerita Carol McGuinness, Ollscoil na Banríona – inniúlachtaí an 21ú haois<br>▪ An tOllamh Dominic Wyse, University College London – Ról an eolais i gcuraclaim |
| Seimineár 3:<br>***Léargais Nua*** | ▪ Bernie McNally, RLGÓ – Comhthéacs agus forbairtí beartais i soláthar luathbhlianta<br>▪ An Dr Harold Hislop, An Roinn Oideachais agus Scileanna – An soláthar reatha agus dúshláin sa todhchaí i dtaithí foghlama luathbhlianta<br>▪ An tOllamh Emer Smyth, ITES – Aistriú chuig an oideachas bunscoile<br>▪ An Dr Alejandra Cortázar, CEPI, An tSile – Ailíniú agus dul chun cinn curaclaim |
| Seimineár 4<br>***Turais Foghlama a Bhreisiú*** | ▪ An Dr Emer Ring, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire Gan Smál – Teoiricí foghlama<br>▪ CNCM – Peirspictíochtaí na dTuismitheoirí |
| Seimineár 5:<br>***An Turas ar Aghaidh a Rianú*** | ▪ Sharon O'Donnell – Curaclaim bhunscoile idirnáisiúnta<br>▪ An tOllamh Michael O'Leary agus an Dr Zita Lysaght, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Measúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus forfheidhmiú curaclaim |

# Aguisín 4: Iniúchadh ar Ábhar Churaclaim Luathbhlianta agus Bunscoile in ocht nDlínse

**Table 3: Primary curriculum learning areas**

| Finland | Compulsory subjects | Transversal competence areas |
|---|---|---|
| National Core Curriculum (NCC) for Basic Education, Grades 1-6, ages 7-13 | • Mother tongue and literature (Finnish or Swedish)<br>• Second national language (Swedish or Finnish)<br>• Foreign languages (must be taught from Grade 5, age 11+, but individual schools / localities may introduce earlier)<br>• Mathematics<br>• Environmental studies (includes elements of biology, geography, physics, chemistry, and health education)<br>• Religion/ethics<br>• History and social studies (must be taught from Grade 4, age 10+, but individual schools / localities may introduce earlier)<br>• Music<br>• Visual arts<br>• Crafts<br>• Physical education | • Thinking and learning to learn (T1)<br>• Cultural competence, interaction and self-expression (T2)<br>• Taking care of oneself and managing daily life (T3)<br>• Multiliteracy (T4)<br>• ICT competence (T5)<br>• Skills for working life and entrepreneurship (T6)<br>• Participation, involvement and building a sustainable future (T7) |
| France | Subjects | Domains of the socle commun, 6-16 |
| Cycle 2 curriculum, ages 6-9 | • French<br>• Mathematics<br>• Foreign (or regional) language<br>• Physical education<br>• Art education (art and music)<br>• Questioning the world<br>• Moral and civic education | • Languages for thinking and communicating<br>• Methods and tools for learning<br>• Forming one's identity and becoming a citizen<br>• Natural systems and technical systems<br>• Representations of the world and human activity |
| Cycle 3 curriculum, ages 9-11 | • French<br>• Mathematics<br>• Foreign language<br>• Physical education<br>• Art education (art, music, history of art)<br>• Science and technology<br>• History and geography<br>• Moral and civic education | |
| Cycle 3 curriculum, ages 11-12* | • French<br>• Mathematics<br>• Foreign language<br>• Physical education<br>• Art education (art, music, history of art)<br>• Science and technology (includes physics and chemistry)<br>• History and geography<br>• Moral and civic education<br>• Optional subjects | |
| Ireland | Curriculum areas / subjects | |
| Primary Curriculum, ages 4+-12 | • Arts education – broken down into:<br>  • Music, Drama, Visual arts<br>• Language:<br>  • Irish, English<br>• Mathematics<br>• Social environmental and scientific education (SESE) – broken down into:<br>  • History, Geography, Science<br>• Physical education<br>• Social, personal and health education (SPHE)<br>• Religious education | |

NCCA